Gabhaim buíochas le Majella Twomey BL, Uasal, a ceapadh mar Chathaoirleach Eatramhach idir Meitheamh 2023 agus Aibreán 2024, as a díograis, a tiomantas agus a treoir le linn a téarma mar Chathaoirleach. Gabhaim buíochas freisin leis an Uasal Barry Smyth as an méid mór a chuir sé le hobair an Bhinse le linn a théarma oifige.

Go deimhin, gan an díograis agus tiomantas atá ag ár gComhaltaí agus ár bhfoireann Binse ar fad do chaighdeán arda, ní bheadh an Binse in ann an toradh a bhain sé amach a chur i gcrích. In 2024 thug an Binse 955 achomharc chun críche. Go raibh maith agaibh go léir as bhur ngairmiúlacht agus bhur n-obair chrua.

Tá an Binse ag tnúth le 2025 nuair a mheastar go bhfágfar na hoifigí reatha ag Teach Holbrook agus go n-aistreofar chuig oifigí saintógtha i Halla Mhargadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.

Mar a léiríodh lenár dtreoirphrionsabal, leanfaidh an Binse Luachála ag comhlíonadh ár bpríomhfheidhme reachtúla maidir le hachomhairc a éisteacht, lena dtugtar cead dár bpáirtithe leasmhara go léir (údaráis áitiúla, íocóirí rátaí tráchtála agus úinéirí láithreán thréigthe nó láithreán folamh) feidhmiú le tuilleadh sláine airgeadais.

Leanfaimid orainn ár ndícheall a dhéanamh tacaíocht a thabhairt do gach achomharcóir agus cabhrú leo a n-achomhairc a thabhairt chun críche agus muid ag obair lenár ngeallsealbhóirí go léir ar mhaithe leis an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil. Táimid fós tiomanta do phrionsabail an rialachais chorparáidigh, as a dtagann níos mó cirte, cothroime agus aonfhoirmeachta maidir le luacháil réadmhaoine tráchtála agus tionsclaíochta, láithreáin thréigthe agus láithreáin fholmha.

Ann Gill

Cláraitheoir an Bhinse Luachála

Cuspóir an Bhinse Luachála

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Binse Luachála a bunaíodh ar dtús faoin Acht Luachála, 1998 agus a bunaíodh leis na hAchtanna Luachála, 2001, arna leasú, chun achomhairc i gcoinne chinntí Rannóg Luachála Thailte Éireann ar luacháil réadmhaoine tráchtála a éisteacht chun críocha rátála. Chomh maith leis sin, éisteann an Binse le hachomhairc a dhéanann úinéirí láithreán tréigthe i gcoinne chinneadh na n-údarás áitiúil ar luach margaidh na láithreán sin faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990. Ó cuireadh tús leis an Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015, éisteann an Binse freisin le hachomhairc ar chinneadh luach margaidh na láithreán folamh faoin Acht sin.

Féadfaidh achomharc chuig an mBinse faoin Acht Luachála a bheith ar fhoras candaim luachála réadmhaoine nó inráititheachta réadmhaoine. Féadfaidh an Binse achomharc a dhícheadú agus ar an gcaoi sin cinneadh Thailte Éireann a dhearbhu; achomharc a cheadú agus luacháil na réadmhaoine a leasú; nó cinneadh a dhéanamh gur cheart an réadmhaoine atá faoi achomharc a áireamh sa liosta luachála nó a eisiamh uaidh.

Foilsítear cinntí agus deimhnithe an Bhinse, agus tá siad ar fáil don phobal i gcoitinne, do chleachtóirí ábhartha agus do pháirtithe leasmhara eile ar shuíomh gréasáin an Bhinse www.valuationtribunal.ie. Faoi réir ceart achomhairc chun na hArd-Chúirte ar phointe dlí, is cinneadh críochnaitheach cinneadh an Bhinse.

Bunreacht an Bhinse Luachála (Comhaltaí an Bhinse)

Tá ceadú ag an mBinse do 36 Ball. Den chuid is mó, tagann comhaltaí ó ghairmeacha an dlí agus na suirbhéireachta cairte, agus cuimsítear aon Chathaoirleach amháin, naonúr Leas-Chathaoirleach agus 26 Gnáthchomhalta ann. Ó mhí na Nollag 2024, bhí 35 Comhalta ar an mBinse: Cathaoirleach amháin, naonúr Leas-Chathaoirleach agus 25 Gnáthchomhalta. Tháinig deireadh le Téarma Oifige Leas-Chathaoirligh amháin le linn 2024, agus tar éis próiseas roghnúcháin, líonadh an folúntas as measc Chomhaltas an Bhinse.

Tá cothromaíocht inscne de 43% Comhaltaí baineanna agus de 57% comhaltaí fireanna i gcomhaltas an Bhinse faoi láthair, rud atá i gcomhréir le sprioc an Rialtais go mbeadh ionadaíocht ag fir agus mná ag 40% i gcomhaltas gach Boird Stáit de réir an *Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*.

Ceapann an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht Comhaltaí an Bhinse tar éis próiseas earcaíochta a chuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i gcrích.

Ceaptar Gnáthchomhaltaí ar feadh téarma nach faide ná cúig bliana, agus féadfar iad a athcheapadh ar feadh téarma eile. Féadfar gnáthchomhaltaí a mheas le haghaidh ról an Leas-Chathaoirligh. Leagtar comhaltas an Bhinse amach in [Aguisín A](#).

Buaileann an Binse Luachála le chéile i rannáin de thriúr, faoi chathaoirleacht an Chathaoirligh nó duine de na Leas-Chathaoirligh. Ciallaíonn athruithe a tugadh isteach ar Sceideal 2 den Acht Luachála, 2001 (arna ndéanamh faoin Acht Luachála (Leasú), 2015) gur féidir le comhalta aonair den Bhinse achomharc a chinneadh i gcás ina meastar gur féidir achomharc a chinneadh gan éisteacht ó bhéal (i.e. achomharc bunaithe ar dhoiciméid).

Íoctar comhaltaí de réir Sceideal na dTáillí arna cheadú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, chun éisteacht le hachomhairc, freastal ar chruinnithe rannáin, freastal ar chigireachtaí láithreáin agus as

breithiúnais a scríobh agus a athbhreithniú, mar aon le liúntas taistil agus cothabhála i gcomhréir le rátaí arna gceadú ag an Státseirbhís.

Teastaíonn ardleibhéal saineolais, ionracais agus neamhchlaontachta le bheith i do chomhalta den Bhinse, agus go hiondúil léireodh Comhaltaí tacar sainscileanna éagsúla agus láidre.

I measc na dtacar scileanna sin baineann tábhacht ar leith le heolas ar an gcreat reachtaíochta lena rialaítear luacháil réadmhaoine inráitithe in Éirinn agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun achomharc a dhéanamh ar luachálacha arna gcinneadh ag Tailte Éireann agus ag údaráis áitiúla. Agus a ról reachtúil á chomhlíonadh acu, is gá go léireodh Comhaltaí an Bhinse Luachála breithiúnas grinn, stuaim, discríd agus cothroime go seasta agus iad ag cinneadh na n-achomharc os a gcomhair.


Faigheann comhaltaí an Bhinse Luachála tacaíocht riaracháin ón líon foirne ag oifigí an Bhinse Luachála i dTeach Holbrook, Sráid Holles, Baile Átha Cliath 2.

Tacaíocht Riaracháin

Tacaíonn foireann an Bhinse Luachála le riarachán an Bhinse, agus déanann siad maoirsiú ar a fheidhmiú ó lá go lá. Is é an Cláraitheoir oifigeach sinsearach an Bhinse, le tacaíocht ó Leas-Chláraitheoir (Ardoifigeach Feidhmiúcháin), Bainisteoir Riaracháin Oifige (Ardoifigeach Feidhmiúcháin), cúigear Oifigeach Feidhmiúcháin agus seachtar Oifigeach Cléireachais. Tá socruithe Oibre Cumaisc á bhfeidhmiú ag an mBhinse Luachála atá cosúil leo siúd atá á bhfeidhmiú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

In 2024, bhí an fhoireann riaracháin rannpháirteach i dtabhairt chun críche 955 achomharc, próiseas a bhfuil liostú bainistithe cásanna, soláthar cúnaimh ghinearálta d'achomharcóirí, do fhreagróirí agus do pháirtithe leasmhara, eisiúint comhfhreagrais reachtúil agus tacú le Comhaltaí an Bhinse mar chuid de ar bhonn laethúil.

Ó bhí an 31 Nollaig 2024 ann, bhí 12 ball foirne lánaimseartha ag an mBhinse agus trí fholúntas ag leibhéal an OC.



Tacaíocht Riaracháin an Bhinse Luachála 2024

Buntaca Reachtúil an Bhinse Luachála

Áirítear leis an reachtaíocht phríomha lena rialaítear obair an Bhinse Luachála:

- Na hAchtanna Luachála 2001- 2015. Tháinig an Príomh-Acht (Uimh. 13 de 2001) i bhfeidhm an 02 Bealtaine 2002. Tháinig an tAcht Luachála (Leasú) 2015 (Uimh. 10 de 2015) i bhfeidhm ar an 23 Aibreán 2015
- An tAcht um Láithreáin Thréigthe, 1990 (Uimh. 14 de 1990) a tháinig i bhfeidhm ar an 27 Meitheamh 1990
- Tháinig an tAcht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015 (Uimh. 33 de 2015) i bhfeidhm ar an 28 Iúil 2015
- An tOrdú fán Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020 (Alt 31), 2020 – I.R. Uimh. 518/2020
- An tAcht um Thailte Éireann 2022

Na hAchtanna Luachála 2001-2015

Is é an tAcht Luachála 2001 an phríomhreachtáíocht faoina rialaítear luacháil réadmhaoine chun críocha rátála in Éirinn. Foráiltear le hAlt 12 an Achta Luachála 2001 buanú an Bhinse Luachála a bheith i réim, in ainneoin na aisghairme, a dhéantar le halt 8 d'Acht 2001, den Acht Luachála 1988. Leagtar amach in Ailt 34 go 40 san áireamh d'Acht 2001 an mheicníocht chun achomharc a dhéanamh chuig an mBinse. Tugtar achoimre ar na nósanna imeachta oibriúcháin don Bhinse Luachála féin i Sceideal 2 den Acht

Leis an Acht 2015, nuashonraítear agus leasaítear forálacha áirithe den Phríomh-Acht maidir leis an mBinse Luachála lena n-áirítear na himthosca agus na forais ar a bhféadfar achomharc a dhéanamh chuig an mBinse. Le halt 38 den Acht seo, lenar leasaíodh Sceideal 2 den Phríomh-Acht, ceadáítear don Bhinse, *inter alia*, cás a chinneadh bunaithe ar dhoiciméid i scríbhinn a chuirtear faoina bhráid gan éisteacht a thionól.

An tAcht um Láithreáin Thréigthe 1990

Is féidir le húinéir Láithreán Thréigthe achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Luachála i gcoinne chinneadh an údaráis áitiúil ar luach margaidh an láithreáin sin. De réir alt 22(4) den Acht um Láithreáin Thréigthe 1990, féadfaidh úinéir talún uirbí achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Luachála i gcoinne cinnidh ar mhargadhluach láithreáin arna chinneadh ag údarás áitiúil faoi fho-alt 1 d'alt 22 den Acht. Níl de chumhacht ag an mBinse déileáil ach le cinneadh ar luach margaidh faoin Acht seo chun críocha an tobhach ar láithreáin thréigthe a fhorchuireann an t-údarás áitiúil a ríomh.

An tAcht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015

De réir alt 13(1) den Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015, is féidir le húinéir láithreáin fholaimh achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Luachála i gcoinne cinnidh ar mhargadhluach láithreáin arna chinneadh ag údarás pleanála faoin Acht. Níl de chumhacht ag an mBinse déileáil ach le cinneadh ar luach margaidh faoin Acht seo chun críocha an tobhach ar láithreáin fholmha a fhorchuireann an t-údarás pleanála a ríomh agus níl sé de chumhacht aige déileáil le haon saincheistean eile a eascraíonn idir na páirtithe.

An tOrdú fán Acht um an Dlí Sibhialta agus um an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020 (Alt 31), 2020 – I.R. Uimh. 518/2020

Ainmníonn san ionstraim reachtúil seo an Binse Luachála mar chomhlacht ar féidir éisteachtaí leis a reáchtáil go cianda.

An tAcht um Thailte Éireann 2022

Ar an 1 Márta 2023, rinneadh an Oifig Luachála a ionchorprú i ngníomhaireacht Stáit nua de dhroim chumasc an Údaráis Clárúcháin Maoine (ÚCM), na hOifige Luachála, agus Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (SOÉ). Is comhlacht Stáit neamhspleách é Tailte Éireann anois faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a sholáthraíonn córas clárúcháin maoine, seirbhís luachála réadmhaoine

agus an bonneagar náisiúnta mapála agus suirbhéireachta don Stát. Foráladh le hAcht Thailte Éireann 2022, in ailt 27 agus 28 faoi seach, do dhíscaoileadh an ÚCM agus SOÉ agus d'aistriú fheidhmeanna na gcomhlachtaí sin, mar aon le feidhmeanna an Choimisinéara Luachála agus an tSuirbhéara Teorann, do Thailte Éireann.


Níor tháinig aon athrú ar fheidhmeanna agus gnó lá go lá an Bhinse Luachála de bharr an chumaisc.

Gníomhaíocht Achomharc an Bhinse Luachála

Feidhmíonn an Binse Luachála i dtimpeallacht straitéiseach agus bíonn tionchar díreach ag a chinntí ar airgeadas na hearnála gnó agus na n-údarás áitiúil araon. Ó cuireadh tús leis an gClár Athluachála Náisiúnta atá á dhéanamh ag Rannóg Luachála Thailte Éireann, tá méadú as cuimse tagtha ar líon na n-achomharc a chuirtear faoi bhráid an Bhinse agus táthar ag súil go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh.

Clár Náisiúnta Athluachála

Tá luacháil gach réadmhaoine a bhféadfaí a rátáil mar réadmhaoín tráchtála nó tionscail mar chuid d'obair an Chláir Náisiúnta Athluachála (ag Rannóg Luachála Thailte Éireann). Is athrú mór agus nuachóiriú bunúsach ar an gcóras luachála inráitithe iad an chéad athluacháil náisiúnta ó lár an naoú haois déag a thabhairt i gcrích, agus réadmhaoín i ngach limistéar údaráis rátála a fháil ar an timthriall leanúnach athluachála ina dhiaidh sin dá bhforáiltear sna hAchtanna Luachála, 2001-2015. Tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-achomharc a chuirtear faoi bhráid an Bhinse Luachála leis an gClár Náisiúnta Athluachála.



Baineann an méadú ar líon na n-achomharc a fuair an Binse sna blianta 2017⁵, 2019⁶ agus 2023⁷ le gnéithe den Chlár Náisiúnta Athluachála a rinneadh thar limistéir roghnaithe riaracháin na n-údarás rátála. Bhí feidhm ag na luachálacha nua faoi chlár athluachála 2023, arna fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2023, chun críocha rátaí ó mhí Eanáir 2024.

Gníomhaíocht Achomharc 2019– 2024

Ag tús 2025, bhí thart ar 1,062 achomharc idir lámha ag an mBinse. Tá miondealú ar Ghníomhaíocht Achomharc an Bhinse 2019– 2024 leagtha amach thíos.

	2019	2020	2021	2022	2023	2024
Líon na nAchoimharc Idir Lámha Ag	1,157	2,550	2,247	1,651	1,010	1,879
Tús Na Bliana						
Líon na nAchoimharc a Fuarthas	2019	2020	2021	2022	2023	2024

⁵ Ceatharlach, Cill Dara, Cill Chainnigh, Liatroim, An Longfort, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Sligeach, an Iarmhí agus Áth Cliath Theas.

⁶ An Cabhán, Fine Gall, Lú, an Mhí, Muineachán, Tiobraid Árann, Loch Garman agus Cill Mhantáin


⁷ Dún na nGall, Maigh Eo, Cathair na Gaillimhe, Contae na Gaillimhe, An Clár, Ciarraí agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin

Clár Athluachála	1,842	0	0	0	1,552	0
Athbhreithniú	55	106	123	120	54	102
Láithreáin Fholmha	16	8	7	12	8	3
Láithreáin Thréigthe	8	4	20	13	56	32
Uileghabhálach	2	2	1	0	0	1
Iomlán	1,923	120	151	145	1,670	138
Líon na nAchomharc a Dúnadh	2019	2020	2021	2022	2023	2024
Clár Athluachála	478	376	577	633	541	798
Athbhreithniú	46	44	139	123	200	124
Láithreáin Fholmha	4	0	16	14	20	9
Láithreáin thréigthe	2	3	15	14	38	22
Uileghabhálach				2	2	2
Iomlán	530	423	747	786	801	955

Bhí 1,062 achomharc idir lámha ar an 1 Eanáir 2025. I gcás 87 de na hachomhairc seo, tá iarratas faighte ag an mBinse i dtaca le cás sonraithe inar iarr an t-achomharcóir nó an freagróir tuairim na hArd-Chúirte ar cheist/cheisteanna dlí tar éis cinneadh ón mBinse. Ina theannta sin, éisteadh le 42 cinn de na hachomhairc a bhí idir lámha, agus bhíothas ag feitheamh le cinneadh deiridh.

Achomhairc an Chláir Athluachála a Críochnaíodh 2024

As na 955 achomharc a dhún an Binse Luachála le linn 2024, bhain 798 acu le hachomhairc an Chláir Athluachála.




Mar atá leagtha amach sa chairt thuas, comhaontaíodh 494 (62%) de na hachomhairc faoin gClár Athluachála a dúnadh gan leas a bhaint as éisteacht iomlán, agus d'éist an Binse le 93 (12%) acu agus cinneadh á eisiúint ina dhiaidh sin. As na 211 achomharc atá fágtha, tarraingíodh siar 187 (23%) acu, agus caitheadh amach 24 (3%) acu.

Tá miondealú na gcatagóirí réadmhaoine de na 798 achomharc athluachála a dúnadh in 2024 leagtha amach sa chairt seo a leanas. Ba iad Miondíol, Oifigí / Trádstórais, Úsáid Thionsclaíoch agus Fáilteachas na ceithre chatagóir ba mhó agus 278, 141, 118 agus 117 achomharc iontu faoi seach arb ionann iad agus 69% de na hachomhairc go léir a dúnadh.


ACHOMHAIRC ATHLUACHÁLA DÚNTA DE RÉIR CATAGÓIR

RÉADMHAOINE



Achomhairc Athluachála a Dúnadh de réir Údarás Rátála

Leagtar amach sa chairt seo a leanas líon na n-achomharc Athluachála a dúnadh le linn 2024 de réir limistéar riaracháin údaráis rátála.




Achomhairc Athbhreithnithe Críochnaithe 2024

Is é Athbhreithniú an próiseas trína ndéantar luacháil ar réadmhaoine aonair chun críochoa rátála idir tréimhsí athluachála. Féadfaidh iarratais ar athbhreithniú eascairt ó “athrú ábhartha cúinsí”⁸ ar réadmhaoin tráchtála nó tionsclaíochta atá ann cheana féin mar shíneadh, foroinnt nó cónascadh dhá réadmhaoin nó níos mó nó réadmhaoin nua a chur i gcrích.

B’ionann achomhairc athbhreithnithe agus 124 (13%) de na 955 achomharc a dhún an Binse in 2024.

As na 955 achomharc a dhún an Binse Luachála le linn 2024, bhain 124 acu le hachomhairc athbhreithnithe.

2024 Achomhairc Athbhreithnithe a Dúnadh




⁸ Sainmhínítear athrú ábhartha cúinsí san Acht Luachála 2001. Is iad seo a leanas na príomhchritéir chun an riail um athrú ábhartha cúinsí a chomhlíonadh:

1. Is réadmhaoin í an réadmhaoin atá ann cheana a bhfuil a luach athraithe de bharr athruithe struchtúracha/fisiceacha (lena n-áirítear damáiste de bharr tine nó cúis fhisiciúil eile).
2. Is réadmhaoin reatha í an réadmhaoin atá roinnte ina 2 réadmhaoin ar leith nó níos mó.
3. Cónascadh dhá réadmhaoin reatha nó níos mó in aon réadmhaoin amháin.
4. Tá athrú tagtha ar stádas inráitithe réadmhaoine reatha. Tarlaíonn sé seo nuair nach mbíonn réadmhaoin a bhí inráitithe roimhe seo inráitithe a thuilleadh nó nuair a bhíonn réadmhaoin nach raibh inráitithe roimhe seo anois inráitithe.
5. Is réadmhaoin nua í an réadmhaoin nár luacháladh riamh roimhe seo.

Mar atá leagtha amach sa chairt thuas, comhaontaíodh 36 (29%) de na hachomhairc athbhreithnithe a dúnadh gan leas a bhaint as éisteacht iomlán, agus 27 (22%) éiste ag an mBinse agus breithiúnas agus ordú eisithe ina dhiaidh sin. As na 61 achomharc atá fágtha, tarraingíodh siar 58 (47%) acu, agus caitheadh amach 3 cinn (2%) acu. Tá miondealú na gcatagóirí réadmhaoine de na 124 achomharc athbhreithnithe a dúnadh in 2024 leagtha amach thíos.


Ba iad Oifigí / Trádstórais, Miondíol agus Úsáid Thionsclaíoch na trí chatagóir ba mhó arb ionann iad agus 33, 30 agus 22 achomharc faoi seach, arb ionann iad agus 69% de na hachomhairc go léir a dúnadh.

Tá miondealú na gcatagóirí réadmhaoine de na 124 achomharc athbhreithnithe a dúnadh in 2024 leagtha amach sa Chairt thíos.



Leagtar amach sa tábla seo a leanas líon na n-achomharc athbhreithnithe a dúnadh le linn 2024 de réir limistéar riaracháin údaráis rátála

Achomhairc Athbhreithnithe Dúnta ag an Údarás Rátála



Achomhairc maidir le Láithreáin Thréigthe agus Láithreáin Fholmha Críochnaithe 2024

Cé go bhfuil méadú tagtha ar líon na n-achomharc ar láithreáin thréigthe agus na n-achomharc ar láithreáin fholmha a fuarthas agus a dúnadh in 2024, tá na líonta sin fós beag i gcomparáid le hualach oibre iomlán an Bhinse. In 2024, thug an Binse 22 achomharc ar láithreáin thréigthe agus 9 n-achomharc ar láithreáin fholmha chun críche. Tá sonraí na n-achomharc sin leagtha amach thíos.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas líon na n-achomharc ar Láithreáin Thréigthe a dúnadh le linn 2024 de réir limistéar údaráis áitiúil

Údarás Áitiúil	Aontaithe	Aistarraingthe	Cinntí a Eisíodh	Dúnta / Caite amach
Ceatharlach			1	
An Clár				1
Cathair Chorcaí		2		
Cathair Bhaile Átha Cliath	6	2		
Cill Dara	1			
Luimneach	2			1
Maigh Eo		2		
Muineachán			1	
Port Láirge		3		
Iomlán	9	9	2	2

Leagtar amach sa tábla seo a leanas líon na n-achomharc ar Láithreáin Fholamh a dúnadh le linn 2024 de réir limistéar údaráis pleanála

Údarás Áitiúil	Aontaithe	Aistarraingthe	Foirceannadh Eisithe	Dúnta / Scriosta amach
An Clár	1			
Cathair Bhaile Átha Cliath		2	1	
Fine Gall			1	1
Cill Dara	1			
Luimneach				1
An Mhí		1		
Iomlán	2	3	2	2

Achomhairc Uileghabhálacha Críochnaithe 2024

Dúnadh dhá achomharc Uileghabhálacha in 2024

Caiteachas agus Fáltais Vótáilte

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a sholáthraíonn cistiú don Bhinse Luachála. Is í an Roinn a fhostaíonn foireann an Bhinse Luachála.

Feidhmíonn an Binse Luachála mar oifig neamhspleách a mhaoinítear faoi Vóta 34 mar atá leagtha amach sna hImleabhair Meastachán Athbhreithnithe don tSeirbhís Phoiblí 2024. Baineann Fotheideal C.6 ó Chlár C Rialtais Áitiúil de Vóta 34 go sonrach leis an maoiniú a sholáthraítear d'obair an Bhinse Luachála.

Is é Ard-Rúnaí na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an tOifigeach Cuntasaíochta do gach caiteachas agus ioncam faoi Vóta 34. Leagtar amach sa tábla seo a leanas caiteachas an Bhinse do 2019-2024.

	2019	2020	2021*	2022	2023	2024
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Leithdháileadh Vótáilte Binse Luachála Reatha	1,349	1,349	1,349	1,912	1,770	1,803
Fotheideal 34 - Clár C - Soláthar Seirbhísí Riaracháin do Thoradh an Bhinse Luachála	2019	2020	2021	2022	2023	2024
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Tuarastail agus Pá	282	283	397	583	620	619
Luach Saothair Chomhaltaí an Bhinse Luachála				465	442	373
Caiteachas Neamhphá	508	344	274	100	106	87
Clár C - Caiteachas Reatha Iomlán	790	627	671	1,148	1,168	1,079

Ina theannta sin, leithdháileadh buiséad caipitil de €200,000 do 2024 chun córas TFC comhtháite um bainistiú cásanna a fhorbairt don Bhinse Luachála agus le haghaidh na gcostas measta a bhain le haistriú oifigí an Bhinse go Halla Mhargadh na Feirme.

Cumas Ualach Oibre an Bhinse

Éisteachtaí

Feidhmíonn oifig an Bhinse ó dhá sheomra éisteachta achomhairc ar an láthair. Ar an meán, maireann éisteachtaí leath lae, ach mar gheall ar na castachtaí a bhaineann le roinnt achomharc, d'fhéadfaí go mbeadh níos mó ná suí amháin ag teastáil chun iad a thabhairt chun críche. Soláthraíonn tabhairt isteach cianéisteachtaí cumas méadaithe don Bhinse chun líon méadaithe achomharc a éascú agus a sceidealú le héisteacht. In 2024, sceidealaíodh 382 achomharc le haghaidh éisteachta. As na 382 achomharc sceidealaithe, sceidealaíodh 313 (82%) achomharc le haghaidh cianéisteachta, agus sceidealaíodh na 69 (18%) achomharc eile le haghaidh éisteachta i láthair go pearsanta. In 2024, comhaontaíodh nó tarraingíodh siar 78% de na hachomhairc. Fiú mura dtarlaíonn éisteacht Bhinse iomlán de dhroim achomhairc, ní mór don fhoireann riaracháin sa Bhinse Luachála méid oibre suntasach a chur i gcrích (agus gach cás á ullmhú ar an mbonn go dtarlóidh éisteacht Bhinse iomlán dá dhroim). Mar an gcéanna, tugann Comhaltaí an Bhinse Luachála faoi chuid mhaith taighde agus oibre ullmhúcháin i leith gach achomhairc dá sanntar iad.

Achomhairc atá le hAthéisteacht

Nuair a ceapadh mar Chathaoirleach í, rinne Margaret Nerney SC, Uasal, athbhreithniú ginearálta ar na hachomhairc uile chuig an mBhinse a raibh éisteacht tugtha dóibh ach ina raibh cinntí fós le réiteach. Chuir sí ábhair inní in iúl maidir le 26 achomharc inar tháinig deireadh le téarma oifige comhalta amháin nó níos mó de rannóg an Bhinse a bhí ceaptha chun na hachomhairc sin a éisteacht ach ina raibh na cinntí fós le réiteach. Go háirithe, bhí inní ar an gCathaoirleach maidir le fóntacht dhlíthiúil aon chinneadh a dhéanfadh agus breithiúnas a eiseodh rannóg den Bhinse i gcás nach raibh Comhalta amháin nó níos mó den rannóg sin ina Chomhalta den Bhinse a thuilleadh.

Lorg agus fuair an Binse tuairim agus comhairle dhlíthiúil ó Chomhairleoir Sinsearach agus, tar éis dóibh an méid sin a bhreithniú, chinn siad nach raibh an dara rogha acu ach na hachomhairc i gceist a athéisteacht. Dá réir sin, scríobh an Binse chuig na páirtithe uile lena mbaineann, ag cur aiféala in iúl faoin méid a tharla agus ag dearbhú dóibh go dtabharfadh sé an tosaíocht is airde is féidir d'athéisteacht gach ceann de na

26 achomharc sin a luaithe is féidir. Chun na críche sin, reáchtáil an Cathaoirleach cruinnithe réamhullmhaithe, ar bhonn achomhairc aonair, leis na páirtithe uile i mí na Nollag 2024. Tá an Binse tiomanta fós do na hachomhairc seo a thabhairt chun deiridh a luaithe is féidir.

An Binse Luachála - Oibríochtaí

Tá ualach oibre an Bhinse Luachála faoi thionchar an éilimh agus, mar sin, ní féidir ualach oibre na n-achomharc a thuar go cruinn toisc go gciallaíonn an próiseas rialála go bhfuil sé sin ag brath ar cé acu an ndéanann íocóirí rátaí tráchtála achomharc i gcoinne luacháil a gcuid réadmhaoine. Ar an gcaoi chéanna, baineann sé seo le hachomhairc athbhreithnithe agus achomhairc i gcoinne luach margaidh na láithreán tréigthe agus folamh atá socraithe ag údaráis áitiúla agus pleanála.

Is comhlacht é an Binse atá sannta chun achomhairc a éisteacht ó chian faoin Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil 2020 (Forálacha Ilghnéitheacha) (Alt 31) Ordú 2020 (I.R. 518/2020). Baineann na rialacha agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm i gcomhair éisteachtaí ó bhéal le hachomhairc a dhéantar ó chian. Tá prótacail chianéisteachta an Bhinse ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Bhinse

<https://www.valuationtribunal.ie/about-us/publications>.

Is cuid shuntasach d'obair an Bhinse iad cianéisteachtaí, lenar féidir achomhairc a thabhairt chun críche ar bhealach níos cuíchóirithe agus ardchaighdeán na n-éisteachtaí a chaomhnú ag an am céanna. Ligeann cianéisteachtaí don Bhinse Luachála an líon is mó achomharc agus is féidir a phróiseáil. Cé nach bhfuil gach achomharc oiriúnach lena chinneadh ag cianéisteachtaí (bíonn saincheisteanna substainteacha dlí mar chroílár ag roinnt achomharc agus éilíonn castacht / méid na fianaise in achomhairc den sórt sin éisteacht fhisiciúil) leanann an Binse air líon suntasach achomharc a chur chun cinn trí mheán cianéisteachtaí. Le cianéisteachtaí, is féidir achomhairc a éisteacht gan aon ghá do pháirtithe freastal ar Oifigí an Bhinse, agus ar an gcaoi sin, am agus costais taistil a spáráil.

Comhaontú Maoirseachta

Tugtar le fios leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* gur cheart go mbeadh socruithe maoirsithe scríofa ag Ranna a bhfuil comhlachtaí Stáit faoina gcoimirce atá oiriúnach do scála, do chineál, do fhreagrachtaí agus d'fheidhmeanna an chomhlachta Stáit. Le dea-rialachas san earnáil phoiblí, cumasaítear eintitis a dtorthaí beartaithe a bhaint amach, mar atá sainmhínithe ina reachtaíocht rialaithe agus Ráitis Straitéise, agus iad ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail.

D'fhéadfadh nach mbeadh feidhm ag ceanglais áirithe den Chód leis an mBinse, i bhfianaise chineál agus scála a ghníomhaíochtaí agus na reachtanna rialaithe.

Tá Comhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta ag an mBinse leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá sé mar aidhm ag an gComhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta téarmaí an chaidrimh idir an Binse Luachála agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a shainmhíniú. Leagtar amach socruithe rialachais sa Chomhaontú, agus tá sé mar aidhm leis soiléireacht ó thaobh cuntasachta de agus maidir le róil agus freagrachtaí an Bhinse agus na Roinne a chinntiú d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann an Binse a fheidhmeanna reachtúla ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil.

Plean Straitéiseach an Bhinse Luachála 2024-2026

Tá sé mar phríomhfhreagracht ar gach comhlacht Stáit plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh. Leagtar síos le pleananna dá leithéid cuspóirí agus spriocanna cuí, agus sainaithnítear leo táscairí agus spriocanna ábhartha lenar féidir feidhmíocht a thomhas go soiléir. Thug an Binse Luachála a chéad Phlean Straitéiseach 2021-2023 chun críche agus d'fhoilsigh sé é i mí na hAibreáin 2021. Tugadh an dara Plean Straitéiseach chun críche in 2024 tar éis dul i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara.

Tugtar leis an bPlean Straitéiseach achoimre ar uailmhianta an Bhinse, agus leagtar amach leis treoir straitéiseach na heagraíochta thar thréimhse trí bliana. Tá na gníomhartha a leagtar amach sa Phlean mar bhonn agus mar thaca faoin aidhm uileghabhálach i dtaca leis an tseirbhís is éifeachtaí a sholáthar dóibh siúd go léir a ghlacann páirt sa phróiseas achomhairc. Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí straitéiseacha do thréimhse trí bliana den Phlean Straitéiseach:

- **Páirtithe leasmhara an Bhinse a chur i gcroílár ár seachadta seirbhíse**
- **Feabhsuithe TFC a chur i bhfeidhm chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú agus chun bainistíocht eolais níos fearr a chumasú**
- **Próisis a fheabhsú maidir le rialachas, maoirseacht agus earcaíocht Comhaltaí Binse**
- **Cáilíocht agus comhsheasmhacht na cinnteoireachta a chinntiú**

Leanfaidh an Binse air a dhícheall a dhéanamh na spriocanna straitéiseacha atá leagtha amach a bhaint amach.

Páirtithe leasmhara an Bhinse a chur i gcroílár ár seachadta seirbhíse

Déanfaidh an Binse athbhreithniú criticiúil ar phróisis agus nósanna imeachta chun achomhairc a chur chun cinn agus a thabhairt chun críche go tráthúil. Leanfaimid de bheith i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara ar bhonn leanúnach.

Feabhsuithe TFC a chur i bhfeidhm chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú agus bainistíocht eolais níos fearr a chumasú

D'aistrigh an Binse chuig Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais ("an OPOFR") le haghaidh seirbhísí áirithe TFC i dtreo dheireadh 2023. Tá an Binse i mbun Bunachar Sonraí an Bhinse a athfhorbairt/uasghrádú d'fhonn feabhsuithe a lorg a d'fhéadfadh córas TF níos dinimiciúla agus níos so-úsáidte a sholáthar. Ar mhaithe le caoithiúlacht na bpáirtithe achomhairc, agus Chomhaltaí an Bhinse araon, in 2024 thug an Binse socrú comhroinnte comhad isteach chun cur ar a chumas líon mór doiciméad a aistriú go slán.

Próisis a fheabhsú maidir le rialachas, maoirseacht agus earcaíocht Comhaltaí Binse

Feidhmíonn an Binse de réir an *Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* agus i gcomhréir leis an gCód, tá Comhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta i bhfeidhm aige leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Mar gheall ar struchtúr uathúil an Bhinse, ní bhaineann gach gné den Chód leis an mBinse. I gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, déanfaidh an Binse athbhreithniú ar a struchtúir, ar earcú agus ar choinneáil a chuid Comhaltaí lena chinntiú go gcuirtear an Cód Cleachtais i bhfeidhm go cuí leis an mBinse.

Cáilíocht agus comhsheasmhacht na cinnteoireachta a chinntiú

Is é ról Chomhaltaí an Bhinse cinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc. Gníomhaíonn gach Rannán Binse a shanntar chun achomharc a éisteacht go neamhspleách. Ar mhaithe le cothroime, déanfaidh an Binse athbhreithniú ar nósanna imeachta chun comhsheasmhacht a chinntiú maidir le cinnteoireacht ar achomhairc. In 2024, reáchtáil an Binse lá oiliúna do na Comhaltaí lenar áiríodh cur i láthair foirmiúil agus deis do Chomhaltaí ábhair imní a phlé. Ós rud é go suíonn Comhaltaí an Bhinse i Ranna de thriúr, agus go measann siad achomhairc go cianda agus go pearsanta araon, ba dheis é do Chomhaltaí teacht le chéile chun saincheisteanna coitianta a phlé. Táthar ag súil go mbeidh an cineál sin imeachta mar ghné rialta i bhféilire an Bhinse.

Saoráil Faisnéise

Tá feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 maidir leis an mBinse Luachála. Tá tuilleadh faisnéise ar fheidhmeanna agus ar thaifid, agus ar rialacha agus cleachtais an Bhinse Luachála, ar fáil in [Ailt 15 agus 16 an Leabhair Thagartha – Treoir ar Fheidhmeanna, Taifid, Rialacha agus Cleachtais an Bhinse Luachála](#) [arna](#) fhoilsiú i gcomhréir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Le linn 2024 ní bhfuair an Binse aon iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Faisnéis a Sholáthar do Chomhaltaí an Oireachtas

De réir Chiorclán D/PER 25/2016 – **Prótacal um Sholáthar Faisnéise do Chomhaltaí an Oireachtais ag Comhlachtaí Stáit faoi choimirce Ranna Rialtais**, soláthraíonn agus coimeádann an Binse seoladh ríomhphoist tiomnaithe do Chomhaltaí an Oireachtais (oireachtas@valuationtribunal.ie). Déanann an Binse a dhícheall spriocdhátaí agus sprioc-chaighdeán a chomhlíonadh ó thaobh admhálacha agus freagraí ar fhiosrúcháin de. In 2024, fuair an Binse 3 fhiosrúchán Oireachtais, agus thug sé freagra orthu.

Táillí Bailithe

Tá achomhairc chuig an mBinse faoi réir táille fhorordaithe atá iníoctha ag an duine a thionscnaíonn an t-achomharc lena mbaineann. Cuirtear táillí a íoctar leis an mBinse Luachála san áireamh mar Leithreasáí i gCabhair. In 2024, b'ionann na holltáillí achomhairc a fuair an Binse agus €43,975, agus bhí siad mar chuid den leithreasú i gcabhair don Roinn.

Tá na táillí reatha atá iníoctha do gach cineál achomhairc leagtha amach in [Aguisín B](#).

Cosaint Sonraí

Soláthraítear leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) rialú maidir le próiseáil sonraí pearsanta, lena n-áirítear a mbailiú agus a n-úsáid ag eagraíochtaí, agus cosaint na sonraí sin. Tá sé de cheart ag daoine aonair *inter alia*

cóip a fháil d'aon fhaisnéis a bhaineann leo atá á coimeád ag an mBinse Luachála. In 2024, cheap an Binse Oifigeach Cosanta Sonraí. Tá tuilleadh eolais ar na sonraí atá i seilbh an Bhinse leagtha amach inár [bPolasaí Príobháideachta](#), atá le fáil ar ár suíomh gréasáin www.valuationtribunal.ie.

Bainistíocht Riosca

Tá Clár Riosca ullmhaithe ag an mBinse Luachála de réir threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Tá coinneáil an chláir beartaithe lena chinntiú go n-aithnítear rioscaí agus go ndéantar measúnú orthu agus go gcuirtear bearta maolaithe cuí i bhfeidhm.

Tiomsaíonn an Cláraitheoir an Clár Riosca, lena n-áirítear bearta maolaithe, thar ceann an Bhinse Luachála, agus déantar athbhreithniú air ar bhonn leanúnach.

Tugann an Binse Luachála agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht aghaidh ar riosca maidir le háirithiú go bhfuil gach acmhainn ag an mBinse ar mhaithe lena fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Cairt Custaiméirí an Bhinse Luachála

Tá Cairt Custaiméirí ag an mBinse Luachála [ina](#) leagtar amach an leibhéal seirbhíse ar féidir le custaiméir a bheith ag súil leis. Tá an chairt le feiceáil ar ár suíomh gréasáin (faoi leathanach na bhfoilseachán), agus sonraítear inti gealltanais an Bhinse maidir le seirbhísí a sholáthar dár gcustaiméirí de réir an dá Phrionsabal déag um Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus do Chliaint na Seirbhíse Poiblí. Cuireann sé custaiméirí ar an eolas freisin faoi mheicníochtaí teagmhála agus aiseolais.

Nochtaí Cosanta

Ceanglaíonn an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a

chothabháil chun déileáil le nochtadh cosanta. De réir alt 21(2) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá faisnéis scríofa curtha ar fáil ag an mBinse dá fhostaithe maidir le nósanna imeachta a bunaíodh agus atá á gcothabháil chun críocha an Achta sin.

Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta sa Bhinse Luachála le linn na tréimhse a chumhdaítear sa tuarascáil seo.

Forbhreathnú ar Shainordú Gníomhaithe ar son na hAeráide / Úsáid Fuinnimh

Tuairiscíonn an Binse go bliantúil ar ídiú fuinnimh a oifige agus ar thionscnaimh a dhéantar chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú.

Leagtar amach sa tábla thíos an tuairisceán a thug an Binse chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) de réir I.R. Uimh. 426 de 2014.

	Úsáid		Astaíochtaí CO2	
	Leictreachas	Gás*	Leictreachas	Gás
Aonaid	KWh	kgCO2	kWh	kgCO2
2024	14,116	3,736	44,675	9,147
2023	17,892	4,947	37,109	7,598

*Tá oifig an Bhinse ar cíos ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP), agus tá sí ar cheann de na ceithre urlár san fhoirgneamh, arb ionann é agus 20.43% d'achar urláir iomlán oifige an fhoirgnimh. Tá méadar aonair san fhoirgneamh le haghaidh Gáis, agus tá méadar do Leictreachas ag gach tionónta.

Bhunaigh an Binse Foireann Ghlas, agus d'ainmnigh sé Curadh Aeráide agus Inbhuanaitheachta. Feistíodh teirmeastait ar na radaitheoirí go léir, agus tá braiteoirí solais feistithe sna seomraí. Baineadh plaistigh as úsáid, agus úsáidtear páipéar athchúrsáilte.

Tá an Binse Luachála ag éisteacht le hachomhairc go cianda ó dheireadh mhí Iúil 2020. Reáchtáiltear timpeall 80% d'éisteachtaí an Bhinse go cianda anois, rud a chuireann deireadh leis an ngá atá le taisteal chuig éisteachtaí agus an gá atá le cáipéisí cóipe crua a phriontáil.

Ráta Luach Saothair do Chomhaltaí an Bhinse Luachála

Íoctar comhaltaí de réir Sceideal na dTáillí arna cheadú i mí na Nollag 2020 ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe as éisteacht le hachomhairc, freastal ar chruinnithe rannáin, agus as breithiúnais a scríobh agus a n-athbhreithniú, i dteannta liúntais taistil agus cothabhála.

Tá sceideal na dtáillí leagtha amach in **Aguisín C.**

Aguisín A - Comhaltaí an Bhinse Luachála

Ainm	Ceapadh ar dtús	Athcheaptha	Dáta Éaga	Cineál Poist
Allen Morgan	05/11/2018	05/11/2023	04/11/2026	Comhalta den Bhinse
Annamaria Gallivan	26/02/2019	26/02/2024	25/02/2027	Comhalta den Bhinse
Avril Sheridan	01/11/2023		31/10/2028	Comhalta den Bhinse
Barra McCabe	01/05/2018	01/11/2023	30/04/2026	Leas-Chathaoirleach
Barry Smyth	15/01/2014	26/02/2019	25/02/2024	Leas-Chathaoirleach
Brian Meldon	01/12/2021		30/11/2026	Comhalta den Bhinse
Caroline Murphy	01/05/2018	01/05/2023	30/04/2026	Comhalta den Bhinse
Claire Hogan	18/12/2015	18/12/2020	17/12/2025	Comhalta den Bhinse
Dairine Mac Fadden	18/12/2015	18/12/2020	17/12/2025	Leas-Chathaoirleach
Donal Madigan	19/12/2016	19/12/2021	18/12/2026	Leas-Chathaoirleach
Eamonn Maguire	01/12/2020		30/11/2025	Comhalta den Bhinse
Emma Slattery	01/11/2023		31/10/2028	Comhalta den Bhinse
Eoin McDermott	19/12/2016	19/12/2021	18/12/2026	Leas-Chathaoirleach
Fergus Keogh	05/11/2018	05/11/2023	04/11/2026	Comhalta den Bhinse
Fiona McLafferty	01/11/2023		31/10/2028	Comhalta den Bhinse
Frank O'Grady	19/12/2016	19/12/2021	18/12/2026	Comhalta den Bhinse
Gerard O'Callaghan	01/12/2020		30/11/2025	Comhalta den Bhinse
Hugh Markey	18/12/2015	18/12/2020	17/12/2025	Leas-Chathaoirleach
John Stewart	18/12/2015	18/12/2020	17/12/2025	Leas-Chathaoirleach
Kenneth Enright	01/05/2018	01/05/2023	30/04/2026	Comhalta den Bhinse
Killian O'Higgins	01/12/2021		30/11/2026	Comhalta den Bhinse
Liam Daly	18/12/2015	18/12/2020	17/12/2025	Comhalta den Bhinse
Majella Twomey	18/12/2015	18/12/2020	17/12/2025	Leas-Chathaoirleach
Margaret Nerney	11/04/2024		10/04/2029	Cathaoirleach
Martin Connolly	01/12/2020		30/11/2025	Comhalta den Bhinse
Mema Byrne	27/04/2022		26/04/2026	Comhalta den Bhinse
Michael Brennan	05/11/2018	05/11/2023	04/11/2026	Leas-Chathaoirleach
Michelle O'Gorman	01/11/2023		31/10/2028	Comhalta den Bhinse
Orla Coyne	18/12/2015	18/12/2020	17/12/2025	Comhalta den Bhinse
Paul McElearney	01/11/2023		31/10/2028	Comhalta den Bhinse
Peter Stapleton	19/12/2021		18/12/2026	Comhalta den Bhinse
Raymond J. Finlay	05/11/2018	05/11/2023	04/11/2026	Comhalta den Bhinse
Sarah Reid	26/02/2019	26/02/2024	25/02/2027	Comhalta den Bhinse
Suzy Quirke	01/11/2023		31/10/2028	Comhalta den Bhinse
Thomas Kearns	01/12/2021		30/11/2026	Comhalta den Bhinse
Una Ní Chatháin	26/02/2019	26/02/2024	25/02/2027	Leas-Chathaoirleach

Aguisín B - Táillí Achomhairc Iníoctha

Táillí Iníoctha maidir le hAchomhairc Athluachála leis an mBinse Luachála	
Luacháil réadmhaoine mar a chinneann Tailte Éireann	Táille Achomhairc
Nach bhfuil níos mó ná €20,000	€95
Níos mó ná €20,000 agus nach bhfuil níos mó ná €50,000	€125
Níos mó ná €50,000 agus nach bhfuil níos mó ná €250,000	€300
Níos mó ná €250,000	€500

Táillí Iníoctha maidir le hAchomhairc um Athbhreithniú Caighdeánach chuig an mBinse Luachála	
Luacháil réadmhaoine mar atá luaite ar an Deimhniú nó ar an bhFógra Luachála	Táille Achomhairc
Nach bhfuil níos mó ná €50	€95
Níos mó ná €50 agus nach bhfuil níos mó ná €150	€125
Níos mó ná €150 agus nach bhfuil níos mó ná €650	€300
Níos mó ná €650	€500

Táillí Iníoctha maidir le hAchomhairc ar Láithreán Tréigthe chuig an mBinse Luachála	
Luacháil réadmhaoine mar a chinneann an Freagróir	Táille Achomhairc
Nach bhfuil níos mó ná €65,000	€60
Níos mó ná €65,000 agus nach bhfuil níos mó ná €130,000	€125
Níos mó ná €130,000	€190

Táillí Iníoctha maidir le hAchomhairc ar Láithreán Folamh chuig an mBinse Luachála	
Luacháil réadmhaoine mar a chinneann an tÚdarás Áitiúil	Táille Achomhairc
Nach bhfuil níos mó ná €100,000	€165
Níos mó ná €100,000 ach nach bhfuil níos mó ná €500,000	€350
Níos mó ná €500,000 ach nach bhfuil níos mó ná €1,000,000	€500

Níos mó ná €1,000,000	€1,000
-----------------------	--------

Aguisín C - Ráta Luacha Saothair do Chomhaltaí an Bhinse Luachála

Achomhairc a shanntar do rannán den Bhinse ar a bhfuil 3 Comhaltaí faoin Acht Luachála 2001, Sceideal 2, Airteagal 3(4), arna leasú.

	Abhcóide		Leas-Chathaoirleach	Gnáthbhall
	Sinsearach	Sóisearach/Dlíod		
Táille laethúil ⁶	€925.00	€875.00	€730.00	€650.00
Achomharc aistarraingthe	€462.50	€437.50	€365.00	€325.00
Achomharc socraithe	€520.00	€462.50	€424.00	€340.00
Seisiún aonair	€462.50	€437.50	€365.00	€325.00

Ullmhúchán Breithiúnais Scríofa	Táille
Dréachtbhreithiúnas casta dlíthiúil agus candamach	€1,500
Dréachtbhreithiúnas candamach caighdeánach	€510
Athbhreithniú ar an dréachtbhreithiúnas	€175

Achomharc ar bhonn doiciméad scríofa arna sannadh do rannán den Bhinse ar a bhfuil comhalta amháin faoin Acht Luachála 2001, Sceideal 2, Airteagal 4(2), arna leasú.

Achomharc Candaim Aonair

Luach Achomhairc de réir an Deimhnithe Luachála Deiridh	Táille
Suas le €50,000	€650
€50,001 go €250,000	€850
€250,001 agus níos mó	€1,050

⁶ Tá an táille laethúil bunaithe ar shuí an Bhinse ar feadh dhá sheisiún in aghaidh an lae.

Achomharc Candaim Baisceáilte

Líon na nAchomharc a Cinneadh	Luach Achomharc is airde i mBaisc de réir an Deimhnithe Luachála Deiridh	Táille	Táille do gach Breithiúnas Breise sa Bhaisc
2 nó níos mó	Suas le €50,000	€650	€100
	> ná €50,000	€850	€100

Achomharc dlíthiúil

Táille	€1,850	
--------	--------	--

www.valuationtribunal.ie



An Binse Luachála
Valuation Tribunal

